

Litir Shamplach do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí

A Thuismitheoir/Chaomhnóir, a chara,

Maidir le: Foirm Cheada Idirlín

Mar chuid de chlár oideachais na scoile, tugaimid rochtain faoi mhaoirseacht ar an Idirlíon do dhaltaí. Tugann sé seo rochtain do dhaltaí ar raon leathan acmhainní oideachais ar líne a chreidimid gur féidir leo a n-eispéireas foghlama a fheabhsú go mór.

Mar sin féin, bíonn freagracht úsáideoirí agus na scoile ag teastáil ó rochtain ar an Idirlíon agus óna úsáid. Leagtar na freagrachtaí sin amach i bPolasaí Úsáide Inghlactha na scoile (faoi iamh). Tá sé tábhachtach go léitear an cháipéis faoi iamh go cúramach, go síníonn tuismitheoir nó caomhnóir í agus go gcuirtear ar ais chuig an scoil í.

Cé go nglacann an scoil céimeanna gníomhacha le húsáid shábháilte an Idirlín a chur chun cinn, aithníonn sí go bhféadfadh daltaí ábhar mí-oiriúnach nó inlochtaithe a rochtain de thaisme nó d'aon turas.

Bíonn meas ag an scoil ar an gceart atá ag gach teaghlach chun cinneadh a dhéanamh ar cé acu an dtabharfaidh sé, nó nach dtabharfaidh sé, rochtain ar an Idirlíon dá leanaí, faoi mar atá sainithe ag Polasaí Úsáide Inghlactha na scoile.

Tar éis duit téarmaí Pholasaí Úsáide Inghlactha ár scoile a léamh, d'fhéadfadh gur mhian leat nóiméad a ghlacadh chun breithniú a dhéanamh ar an dóigh a n-úsáidtear an tIdirlíon i do bhaile féin le fáil amach an bhfuil aon dóigh ann a bhféadfá é a dhéanamh níos sábháilte do do theaghlach féin.

Le dea-mhéin,